Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE
Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh
www.galwaycity.ie

TÓGÁIL ÉIGEANTACH TALÚN
Comhairle Cathrach na Gaillimhe Scéim Feabhsúcháin Bóthar na Chóiste
Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Uimh. BnC-CPO-001, 2021
i gCathair na Gaillimhe

FOIRM ORDUITHE CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH FAOI ALT 76 AGUS AN TRÍÚ SCEIDEAL D'ACHT NA DTITHE, 1966, ARNA SHÍNEADH AG ALT 10 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (Uimh. 2), 1960 AGUS ARNA LEASÚ AG AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBARTHA, 2000 (ARNA LEASÚ)

AN TACHT RIALTAS ÁITIÚIL (UIMH. 2), 1960 AGUS ALT 213 DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ) AGUS ALT 184 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001

DE BHRÍ go ndearna Comhairle Cathrach Chathair na Gaillimhe (dá dtagraítear anseo feasta mar "an t-údarás áitiúil"), de bhua Alt 10 den Acht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 1960 arna chur in ionad ag Alt 86 d'Acht na dTithe, 1966 arna leasú ag Alt 6 agus ag an Dara Sceideal d'Acht na mBóithre, 1993, agus Alt 76 d'Acht na dTithe, 1966 agus an Tríú Sceideal a ghabhann leis sin, agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), an cinneadh tógáil na talún lena mbaineann an tOrdú seo faoi Acht na dTithe, 1966, arna leasú agus faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), a chur chun feidhme:

ANOIS, AR AN ÁBHAR SIN, ordaítear an méid seo a leanas, leis seo:

1. Tá údarás, leis seo, ag an údarás áitiúil faoi réir fhorálacha an ordaithe seo:
    a. chun críocha thart ar 0.516 ciliméadar de bhóthar poiblí a thógáil agus a leathnú i mbaile fearainn an Chaisleáin Ghearr i gCathair na Gaillimhe, sa mhullach ar na hoibreacha coimhdeacha go léir a dhéanamh a bhaineann leis sin, agus chun críocha bonneagar a sholáthar le siúl agus rothaíocht a éascú, na tailte a ndéantar cur síos orthu i gCuid I agus i gCuid II den Sceideal leis seo a thógáil go héigeantach, a bhfuil dath liath ar an talamh sin ar an léarscáil, Líníocht Uimh. 10750-4000, agus atá marcáilte le "Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Bóthar na Chóiste, Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Uimh. BnC-CPO-001, 2021", agus atá séalaithe le séala an údaráis áitiúil agus atá taiscthe ag oifigí an údaráis áitiúil (dá dtagraítear anseo feasta mar "an léarscáil thaiscthe");

b. deireadh a chur leis na cearta slí poiblí a ndéantar cur síos orthu i gCuid III den Sceideal a ghabhann leis seo trí ordú a dhéantar i ndiaidh an talamh a thógáil, ina ngabhann na cearta slí poiblí thuasluaite ar thalamh a thógtar ar an mbealach sin nó aon chuid de, nó ar thalamh in aice na talún nó a bhaineann leis an talamh a thógtar ar an mbealach sin nó aon chuid de, agus

c. na cearta a fháil faoi mar a ndéantar cur síos air i gCuid IV den Sceideal.

2. Talamh atá sa talamh a ndéantar cur síos air i gCuid I den Sceideal a ghabhann leis seo agus ar a bhfuil dath liath ar an léarscáil thuasluaite thaiscthe (tailte san áireamh ar a bhfuil dath liath agus atá tras-haitseáilte) atá á fáil go buan agus ní talamh é ar a bhfuil teach nó tithe atá mí-oiriúnach d'áitíocht daoine agus nach féidir a dhéanamh oiriúnach d'áitíocht daoine.

3. Faoi réir aon oiriúnaithe riachtanaigh, tá na forálacha seo a leanas:
   a. na Land Clauses Acts, (seachas Ailt 127 go 132 den Land Clauses Consolidation Act, 1845, agus Airteagal 20 den Dara Sceideal leis an Housing of the Working Classes Act, 1890), agus

   b. An Acquisition of Land (Assessment of Compensation) Act, 1919, arna leasú ag an Acquisition of Land (Reference Committee) Act, 1925, An tAcht um Luachanna Maoine (Eadránacha agus Achomhairc), 1960, agus Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 arna chur i bhfeidhm ag Alt 265(3) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 agus arna leasú ag Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach), 2006.

   arna mhionathrú ag an Tríú Sceideal le hAcht na dTithe, 1966, corpraithe leis seo san Ordú seo agus beidh feidhm ag forálacha na nAchtanna siúd dá réir.

4. Is féidir "Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Scéim Feabhsúcháin Bóthar na Chóiste, Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Uimh. BnC-CPO-001, 2021" a ghairm den Ordú

Cuireadh séala oifigiúil an Údaráis Áitiúil leis seo an 2ú lá seo de mhí na Samhna, 2021 i láthair:

Fostaí Ainmnithe: